

## ‘Súphointí’ do charranna leictreacha beo sa phríomhchathair

Eoin Burke-Kennedy

I lár chathair Bhaile Átha Cliath a cuireadh na chéad stáisiúin luchtúcháin nó ‘súphointí’ do charranna leictreacha sa tír ag obair i Mí an Mhárta 2010, nuair a cuireadh suas ceithre chuaille luchtúcháin ar na sráideanna. Seo iad na chéad chuailí de 1,500 atá le cur suas ar fud na tíre faoi phlean an Rialtais chun an mótar-iompar a leictrealú in Éirinn. Faoi threoir Aire na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a cuireadh an plan seo ar bun.

Tá sé beartaithe ag BSL 3,500 ‘súphointe’ a thógáil faoi dheireadh na bliana 2011 - 2,000 stáisiún ag tithe cónaithe agus 1,500 stáisiún ar na sráideanna.

Faoi láthair, níl ach dornán beag carr leictreach neamhthráchtála i seilbh daoine príobháideacha ar bhóithre na hÉireann ach is é sprioc an Rialtais ná 2,000 díobh a bheith ann roimh dheireadh 2011 agus 6,000 faoi dheireadh na bliana 2012.

Chun úsáid a bhaint as na ‘súphointí’, caithfidh tiománaithe clárú ag [www.esb.ie/ecars](http://www.esb.ie/ecars) chun fab dá gcuid féin a fháil a thabharfaidh deis dóibh plugáil isteach sa phointe



cumhachta sa stáisiún luchtúcháin ar an tsráid.

Tógann sé thart ar dhá uair an chloig chun formhór na gcarr leictreach a athluchtú go dtí 80% dá dtoilleadh, agus idir sé agus ocht n-uaire an chloig lena n-athluchtú go hiomlán, rud a chuirfidh ar chumas na gcarranna taisteal go ceann 160 km.

Faoi dheireadh na bliana 2011, tá sé i gceist ag BSL go mbeadh 30 mearluchtaire suite gach 60 km feadh na mórbealaí uirbeacha. Tógfaidh sé 20 nóiméad ar na luchtairí carr leictreach a athluchtú.

Is lú go mór an costas a ghabhann le cairr leictreacha a oibriú. Beidh an t-athluchtúchán saor in aisce le linn tréimhse tosaigh na scéime.

*Curtha in oiriúint ón mbunalt a foilsíodh in The Irish Times, Márta 2010*

# faoina hOCHT DÉAG

## TEORAINNEACHA AOISE

Do ghnáthphost, is é 16 an ghnáthaois íosta. Tá cead ag fostóirí daoine atá 14 agus 15 bliana a fhostú chun obair éadrom a dhéanamh:



- go páirtaimseartha i rith an téarma scoile (os cionn 15 bliana amháin)
- mar chuid de thaithí oibre nó de chlár oibre san oideachas atá faofa
- i rith laethanta saoire na scoile, fad is a bhíonn sos trí seachtaine ar a laghad ann ón obair i rith an tsamhraidh.

Ceadaítear páiste ar bith faoi 16 a fhostú faoi cheadúnas i gcúrsaí scannánaíochta, amharclainne, spóirt nó fógraíochta .

## AN tUASMHÉID UAIREANTA AN CHLOIG OIBRE IN AGHAIDH NA SEACHTAINE

Ní cheadaítear daoine faoi 18 a fhostú ar feadh breis is 40 uair an chloig in aghaidh na seachtaine nó 8 uair an chloig in aghaidh an lae, ach amháin i gcás fíor-éigeandála. Is é uasmhéid na n-uaireanta an chloig oibre in aghaidh na seachtaine do dhaoine idir 14 agus 15 bliana ná:

Aois	14	15
I rith an téarma	Neamhní	8 uair an chloig
Obair saoire	35 uair an chloig	35 uair an chloig
Taithí oibre	40 uair an chloig	40 uair an chloig



## OBAIR GO MOCH AR MAIDIN AGUS OBAIR OÍCHE

Is iad na huaireanta an chloig a cheadaítear ná:

Aois	Faoi 16	16 agus 17
Go moch ar maidin	Tar éis 8 a.m.	Tar éis 6 a.m.
Obair oíche <ul style="list-style-type: none"> <li>• Agus scoil an mhaidin ina dhiaidh sin</li> <li>• Gan scoil an mhaidin ina dhiaidh sin e.g. laethanta saoire, an deireadh seachtaine</li> </ul>	Go dtí 8 p.m. Go dtí 8 p.m.	Go dtí 10 p.m. Go dtí 11 p.m. (agus gan bheith ag obair roimh 7 a.m. an mhaidin ina dhiaidh sin)



Déan nóta de le do thoil: i gcás obair oíche i ndiaidh 10 p.m., tá gá le faomhadh an Aire de réir rialach.

Tá rialacha ar leith ann i gcás tithe tábhairne. Téigh i dteagmháil leis na huimhreacha teileafóin thíos le do thoil.

## SOSANNA ÓN OBAIR

Aois	Faoi 16	16 agus 17
Sos 30 nóiméad tar éis a bheith ag obair ar feadh	4 uair an chloig	4½ uair an chloig
Gach 24 uair an chloig	14 uair an chloig saor	12 uair an chloig saor
Gach 7 lá	2 lá saor	2 lá saor



Má tá breis eolais uait dean teagmháil le:

An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (UNCF)  
Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach,  
1890 80 80 90  
[www.employmentrights.ie](http://www.employmentrights.ie)



Déan nóta le do thoil:  
Tugtar anseo breac-chuntas ar an dlí agus ní míniú dlíthiúil atá ann.

Curtha in oiriúint ón bpóstaer: [www.employmentrights.ie](http://www.employmentrights.ie)

# Buirgléireacht – na fíricí!

## An raibh a fhios agat?

- **Tarlaíonn 60% den buirgléireacht idir 8 a.m. agus 8 p.m. !**
- **Bainfidh gadaithe úsáid as uirlisí atá le fáil lasmuigh de do theach nó i seideanna sa ghairdín nach bhfuil faoi ghlas.**
- **Is féidir leis an ngnáthbhuirgléir briseadh isteach i do theach laistigh de 3 nóiméad!**
- **Tarlaíonn mórán buirgléireachta nuair a fhágann daoine a dtithe ar feadh tréimhse ghairid ama!**

## Cad is féidir leatsa a dhéanamh?

- **Cuir glas slándála d'ardchaighdeán ar gach doras agus ar gach fuinneog agus bain úsáid astu.**
- **Déan aláram ionróra deimhnithe a shuiteáil agus bain úsáid as.**
- **Ceannaigh taisceadán atá faoi cheangal go daingean le haghaidh do chuid earraí luachmhara.**
- **Cuir i dtaisce agus cuir faoi ghlas mar is cuí aon earraí tí a bhíonn lasmuigh den teach.**
- **Bí i do dhea-chomharsa – déan aon iompar amhrasach a chur in iúl don Gharda Síochána.**

**Cuir Cosc le Coireanna - Déan do pháirt**  
Eisithe ag Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta  
an Gharda Síochána,  
An Rannóg um Chaidreamh Pobail,  
Cearnóg Harcourt,  
Baile Átha Cliath 2.  
Fón: 01 6663363  
suíomh gréasáin: [www.garda.ie](http://www.garda.ie)  
R-phost: [crime\\_prevention@garda.ie](mailto:crime_prevention@garda.ie)





**IONAD  
NA hAFRAICE  
PLÉADÁIL,  
OIDEACHAS AGUS  
LÍONRAÍ**

Creidimid  
i ndearcadh,  
i bpolasaithe agus  
i ngníomhaíochtaí  
a chuireann an  
ceart, an cuimsiú  
sóisialta agus  
an rannpháirtíocht  
éifeachtach chun  
cinn i gcás  
na bpobal Afracach  
in Éirinn agus  
a spreagann  
idirghalartú  
níos dearfaí idir  
an Afraic agus Éire.

[www.africacentre.ie](http://www.africacentre.ie)  
[info@africacentre.ie](mailto:info@africacentre.ie)



**IONAD NA h AFRAICE  
PLÉADÁIL, OIDEACHAS  
AGUS LÍONRAÍ**

# TÁ AOIBH AR AN AFRAIC FREISIN



Ní ceart neamhshuim a dhéanamh de dhínit ná de theacht aniar mhuintir na hAfraice  
in ainneoin rianta an chogaidh, na bochtaineachta agus an ghalair

**TÁ AOIBH  
AR AN AFRAIC  
FREISIN**

Le cuidiú agus le maoiniú ó



Is iad na Luachanna  
atá againn ná  
urraim agus  
comhionannas,  
spiorad ‘UBUNTU’  
a dhearbhaíonn  
ár ngaol lena chéile  
mar dhaoine agus  
cultúr a chothaíonn  
rannpháirtíocht  
agus idirspéleachas.

Ina theannta sin,  
baineann  
na luachanna seo  
a leanas go dlúth  
le hobair  
Ionad na Afraice:

- Frith-chiniúchais
- Cuimsiú
- Foghlaim
- Sochaí chóir
- Muintearas/baile
- Seasmhacht
- Cruthaitheacht
- Caidreamh